# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2021

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Matamaitic

# Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Leathanach Bán

*Clár Ábhar* *Leathanach*


Réitigh agus scéim mharcála .......................................................................................................... 5

Struchtúr na scéime marcála .................................................................................... 6

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .................. 7

Réitigh samplacha agus nótaí mionsonraithe marcála ..................................................... 8

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge ............................................................................ 26

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

## Réitigh agus scéim mharcála

230 marc

# Scéim Mharcála - Roinn A agus Roinn B

## Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí I dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad an scála | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Scála 5 mharc | 0, 5 | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | | |
| Scála 10 marc | 0, 10 | 0, 5, 10 | 0, 3, 7, 10 | 0, 3, 5, 8, 10 | |
| Scála 15 mharc | 0, 15 | 0, 7, 15 | 0, 5, 10, 15 | 0, 4, 7, 11, 15 | |
| Scála 20 marc | 0, 20 | 0, 10, 20 | 0, 7, 13, 20 | 0, 5, 10, 15, 20 | |
| Scála 25 mharc | 0, 25 | 0, 12, 25 | 0, 8, 17, 25 | 0, 6, 12, 19, 25 | 0, 5, 10, 15, 20, 25 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

**Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil**

**A-scálaí (dhá chatagóir)**
- freagra mícheart
- freagra ceart

**B-scálaí (trí chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra ceart i bpáirt
- freagra ceart

**C-scálaí (ceithre chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**D-scálaí (cúig chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**E-scálaí (sé chatagóir)**
- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- beagnach an leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair, nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine.  Dá bhrí sin, mar shampla, i *Scála 10C*, féadfar 9 marc a thabhairt.

**Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm**

***Roinn A***

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| (a)(i)+(ii) | 10C |
| (b)(i) | 10C |
| (b)(ii) | 5C |
| (b)(iii) | 5C |

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b) | 10C |
| (c) | 5C |
| (d)(i)+(ii) | 5C |

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b) | 10C |
| (c)(i)+(ii) | 10C |

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 10C |
| (a)(ii) | 5B |
| (b)(i) | 5B |
| (b)(ii) | 10C |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 5B |
| (a)(ii) | 10C |
| (b) (i) | 5C |
| (b)(ii) | 5C |
| (b)(iii) | 5C |

**Ceist 6**

| | |
|---|---|
| (a)(i)+(ii) | 10C |
| (b) | 10C |
| (c)(i) | 5B |
| (c(ii) | 5C |

**Ceist 7**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 10C |
| (a)(ii) | 5C |
| (b)(i)+(ii) | 10C |
| (b)(iii) | 5C |

**Ceist 8**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 10C |
| (a) (ii) | 5C |
| (b)(i)+(ii) | 10D |
| (b)(iii) | 5C |

***Roinn B***

**Ceist 9**

| | |
|---|---|
| (a)(i)+(ii) | 15C |
| (b) | 5C |
| (c)(i) | 10D |
| (c)(ii) | 10C |
| (d)+(e) | 10D |

**Ceist 10**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 5B |
| (a)(ii) | 15D |
| (a)(iii) | 5B |
| (a)(iv) | 10C |
| (b)(i) | 5B |
| (b)(ii) | 10C |

**Ceist 11**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 10C |
| (a)(ii)+(iii) | 10C |
| (b)(i)+(ii) | 15C |
| (c)(i) | 10C |
| (c)(ii) | 5C |


**Nóta:** Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

| **C1** | **Réitigh Shamplacha 30 marc** | **Nótaí Marcála** |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br><br>**+**<br><br>**(ii)** | Meán:<br><br>$\frac{1+2+2+3+3+3+4+5+13}{9}$<br><br>$= \frac{36}{9} = \mathbf{4}$<br><br>Mód: **3** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha e.g. léiriú ar shuimiú uimhreacha<br>• Tá an mód ceart ach níl aon obair ann lena ngabhann ábharthacht maidir leis an meán<br>• Airmheán agus obair ina thaobh léirithe leis<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Meán láncheart<br>• Tá na mód ceart agus roinnt obair cheart ann maidir leis an meán a aimsiú |
| **(b)**<br>**(i)** | Branda A: **45** uair an chloig<br><br>Branda B: **48** uair an chloig | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Taispeántar tuiscint ar an airmheán e.g."uimhir láir"<br>• Aimsítear an meán ar an dá thacar uimhreacha nó ar cheann amháin acu.<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Freagra ceart amháin<br>• Tá an dá fhreagra (le roinnt oibre) laistigh d'ionad amháin ón bhfreagra ceart i.e. A: 43 nó 52; B: 50 nó 45 |
| **(b)**<br>**(ii)** | Branda A: 61 – 30 = **31** uair an chloig<br><br>Branda B: 62 – 34 = **28** uair an chloig | **Scála 5C (0, 2 ,3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann ábharthacht e.g. scríobhadh 61 agus 30<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Freagra ceart amháin.<br>• Tugadh na luachanna is airde agus is ísle ach ní dhearnadh aon dealú |

| | | |
|---|---|---|
| **(b) (iii)** | Branda **B**<br>An fáth: Tá an luach airmheáin níos airde, nó aon mhíniú réasúnach | **Scála 5C (0, 2 ,3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha e.g. trácht réasúnta áirithe maidir le fiúntas na gcadhnraí ach gan aon rogha tugtha le tuiscint<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• An freagra ceart ach gan aon chúis ná cúis mhícheart tugtha |

| C2 | Réitigh Shamplacha 30 marc | Nótaí Marcála |
| --- | --- | --- |

**(a)**





| | | |
| --- | --- | --- |
| **(a)** | Línte lamháltais: ± 0·2 cm<br><br>Uillinn lamháltais: ± $5^0$ | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha e.g. líne amháin den fhad ceart tarraingthe<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Triantán tarraingthe agus 2 ghné ann ceart<br>• Trí ghné ann atá ceart ach níl an triantán comhlánaithe |
| **(b)** | $\sqrt{8{\cdot}5^2 + 5{\cdot}3^2}$<br>$= \sqrt{100{\cdot}34}$<br>$= 10{\cdot}01\ldots$<br>**= 10 cm** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha e.g. 8·5 nó 5·3 cearnaithe i gceart<br>• Fad na dtoisí (ceart) ón léaráid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Stoptar ag $\sqrt{8{\cdot}5^2 + 5{\cdot}3^2}$<br>• Stopann sé ag 100·34 |
| **(c)** | 8·5 × 5 = **42·5 km** | **Scála 5C (0, 2 ,3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha e.g. léiríonn sé iolrú faoi 5 nó roghnaíonn 8·5<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuirtear an slonn ceart ann |

| | | |
|---|---|---|
| **(d)**<br>**(i)**<br>**+**<br>**(ii)** | $42{\cdot}5 \times 2 =$ **85 km**<br><br>$85 \times 70 =$ **5950 cent**<br>$=$ **€59·50** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Glac le freagra oibrithe ón gcuid roimhe seo<br>Má dhéantar neamhaird ar fad den scála (i.e. oibríonn sé le 8·5) tabhair Páirtchreidiúint Ard ar a mhéid<br><br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin ceart |

| C3 | Réitigh Shamplacha     30 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $\frac{3}{8}$,     **40%,**     $\frac{5}{12}$,     **0·45** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas<br>• An ceann is airde nó an ceann is ísle sainaitheanta<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 3 san ord ceart<br>• Codáin arna gcur in iúl i gceart mar dheachúlacha<br>• Na hOrduithe is airde go dtí an ceann is ísle |
| (b) | 9 + 6 = 15 [nó 3 + 2 = 5 etc]<br><br>$75 \times \frac{9}{15}$ = **€45** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas e.g. 15 nó 5 scríofa<br>• 75 × 9, críochnaithe nó gan a bheith críochnaithe<br><br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Aimsíonn sé an méid do Wren i gceart<br>• Slonn ceart, $75 \times \frac{9}{15}$ nó a choibhéis ach gan a bheith críochnaithe |
| (c) (i) + (ii) | **60**<br><br>Cuir lúibín leis roimh 2 agus tar éis 5<br>nó<br>brúigh = síniú sula ndéanann tú $x^2$ a bhrú. | **Scála 10C(0,3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas e.g. luann BEMDAS nó a choibhéis<br><br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Cuid amháin ceart |

| C4 | Réitigh Shamplacha 30 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br><br>(i) | Buy-Cycles: $\frac{215 \times 120}{100} =$ **€258**<br><br>nó €215 + 20% de €215 = €215 + €43 = **€258**<br><br>Bikes-4-All: $\frac{330 \times 75}{100} =$ **€247·50** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha in aon cheann de na codanna<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuid amháin ceart agus roinnt obair ábhartha i gcuid eile<br>• Tá an dá fhreagra ceart ach ní thaispeántar aon obair |
| (a)<br>(ii) | 258 – 247·50 = **€10·50** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Dealú nár críochnaíodh |
| (b)<br>(i) | 70·59 × 1200 = **84708** rúbal | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Iolrú gan a bheith críochnaithe<br>• $\frac{1200}{70 \cdot 59}$ or $\frac{70 \cdot 59}{1200}$ críochnaithe mar is ceart |
| (b)<br>(ii) | Tagann ag 11.00 am + 12<br>= 11.00 pm Céadaoin, am Nua Eabhrac<br><br>11.00pm + 7<br>= **6.00 am Déardaoin am Mhoscó** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Cuireadh 12 nó 7 leis mar is ceart<br><br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• 7 dealaithe, ach ceart seachas sin (4pm Céad) |

| C5 | Réitigh Shamplacha 30 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) (i) | 11·5 × 9 = **103·5 lítear** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Iolrú gan a bheith críochnaithe |
| (a) (ii) | 130 × 50 × 28 = 182000<br><br>182000 ÷ 1000 = **182 lítear** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 130 × 50 × 28 agus stadann<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Fágann an freagra i $cm^3$<br>• (130 × 50 × 28) ÷ 1000, gan a bheith críochnaithe nó críochnaithe go mícheart |
| (b) (i) | $\frac{12 \cdot 5}{5} =$ **2·5 cm** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\frac{12 \cdot 5}{5}$ gan a bheith críochnaithe |
| (b) (ii) | $12 \cdot 5 \times 3^2 =$ **112·5 cm²**<br><br>5 × 3 = 15<br>2·5 × 3 = 7·5<br>15 × 7·5 = **112·5 cm²** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Glac le freagra ó (i) sa dara mód<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas e.g. 15 agus/nó 7·5 aimsithe<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $12 \cdot 5 \times 3^2$ gan a bheith críochnaithe |
| (b) (iii) |  | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br><br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon líne tógála amháin tarraingthe<br>• Trasnánach tarraingthe<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 2 líne thógála chearta tarraingthe ach níl siad ag trasnú |

| C6 | Réitigh Shamplacha 30 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**+**<br>**(ii)** | **C**<br><br>**D** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Iarracht chun siméadracht lárnach a tharraingt agus/nó iarracht chun siméadracht aiseach a tharraingt ar an léaráid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Ceann amháin ceart<br>• Tarraingíodh an dá shiméadracht i gceart ar an léaráid ach gan iad lipéadaithe |
| **(b)** | $\|AB\|$ = 12 × 0·5 = 6 cm<br><br>$\|BC\|$ = 20 × 0·5 = 10 cm<br><br>Area: $\frac{1}{2} \times 6 \times 10 =$ **30 cm²** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair fhiúntach e.g. iarracht chun cearnóga a chomhaireamh<br>• Tarraingíonn an triantán<br>• Úsáideann 12 nó 20<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Freagra ceart gan obair |
| **(c)**<br>**(i)** | $\mathbf{\frac{350}{1650}}$ nó $\frac{7}{33}$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• $\frac{1650}{350}$ |
| **(c)**<br>**(ii)** | $\tan^{-1}\frac{350}{1650} = 11{\cdot}97$<br><br>$=$ **12°** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $\tan A = \frac{350}{1650}$<br>• Aimsíonn tan $\frac{350}{1650}$ $(11{\cdot}97)$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\tan^{-1}\frac{350}{1650}$ scríofa ach gan luacháil déanta |

| C7 | Réitigh Shamplacha 30 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)** | $4 \times 4 \times 3 =$ **48 mbealach** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Iarracht ar liostú<br>• Freagair 11 gan aon obair a thaispeáint<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $4 \times 4 \times 3$ gan luacháil<br>• 2 as 3 chainníocht chearta e.g. $4 \times 3 \times 3$ scríofa agus luacháil déanta<br>• $4 + 3 + 4 = 11$ |
| **(a)**<br><br>**(ii)** | $3 \times 2 \times 3 =$ **18 mbealach** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Iarracht ar liostú<br>• Freagair 8 gan aon obair a thaispeáint<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $3 \times 2 \times 3$ gan luacháil<br>• 2 as 3 chainníocht chearta e.g. $3 \times 4 \times 3$<br>• $3 + 2 + 3 = 8$ |

| | | |
|---|---|---|
| **(b)**<br>**(i)**<br>**+**<br>**(ii)** | 1 – (0·2 + 0·5) = **0·3**<br><br>0·2 + 0·5 = **0·7** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha e.g. 0 7 scríofa in **(i)**<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Freagra ceart amháin<br>• Tábla críochnaithe mar is ceart<br><br>**Nóta:** Glac le freagraí cearta gan obair thacaíochta. |
| **(b)**<br>**(iii)** | 120 × 0·2 = **24 dalta** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 120 × 0·2 |

| C8 | Réitigh Shamplacha 30 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) (i) | | |

| Uimhir thosaigh | Iolraigh faoi 5 | Dealaigh 2 ón bhfreagra | Fothoradh |
|---|---|---|---|
| 1 | 1 × 5 | 5 – 2 | 3 |
| 2 | **2 × 5** | **10 – 2** | **8** |
| 3 | **3 × 5** | **15 – 2** | **13** |
| 4 | **4 × 5** | **20 – 2** | **18** |

**Scála 10C (0, 3, 7, 10)**

*Páirtchreidiúint íseal:*

- Iontráil cheart amháin

*Páirtchreidiúint ard:*


- Dhá iontráil chearta
- 3 thoradh chearta ach an chuid eile den tábla nach bhfuil comhlánaithe

| (a) (ii) | Réitigh Shamplacha | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| | 53 + 2 = 55<br>55 ÷ 5 = **11**<br>nó<br>Lean ar aghaidh leis an bpatrún | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha<br>• Iarracht cheart éigin as triail agus earráid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Lean ar aghaidh leis an bpatrún ar feadh 5 théarma eile ar a laghad |

| | | |
|---|---|---|
| **(b) (i) + (ii)** | $\frac{80\times55}{100} =$ **44** mharc<br><br>$\frac{120\times75}{100} = 90$<br><br>44 + 90 = **134 mharc** | **Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• 44 nó 90 oibrithe amach mar is ceart<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• An dá shraith marcanna oibrithe amach i gceart ach gan suimiú<br>• Cuireadh freagra ceart le freagra mícheart |
| **(b) (iii)** | 80 + 120 = 200 (marcanna iomlána)<br><br>$\frac{134}{200} \times 100 =$ **67%** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Glac le freagra oibrithe ón gcuid roimhe seo<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Marcanna iomlána don tástáil a fuarthas<br>• Freagra ó (ii) in úsáid<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\frac{134}{200}$ ach níl an ríomh críochnaithe |

## Roinn B

| C9 | Réitigh Shamplacha 50 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)**<br>**+**<br>**(ii)** | **uair**<br><br>**210 km**<br><br>Am lamháltais = ± 10 nóim.<br>Achar lamháltais = ± 5 km | **Scála 15C (0, 5, 10, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas e.g. tásc ceart éigin ar an ngraf<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Freagra ceart amháin<br>• Tásca cearta ar an ngraf don dá chuid ach níor sonraíodh na freagraí |
| **(b)** | 10 am + $3\frac{1}{2}$ = **13:30** nó **1.30** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• $3\frac{1}{2}$ luaite nó léirithe ar ghraf<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• (10 am + $3\frac{1}{2}$, gan a bheith críochnaithe nó críochnaithe go mícheart |

| | | |
|---|---|---|
| **(c)**<br>**(i)** |  | **Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Rinneadh iarracht díreach rud amháin a chur leis an ngraf<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Líne amháin ceart, sin uile<br>• Iarracht déanta an dá rud a tharraingt leis an ngraf<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Rud amháin a cuireadh leis an ngraf ceart agus ceann eile lasmuigh den lámhaltas (± ¼ uair)<br>• Treoshuíomh an dá líne ceart ach lasmuigh den lámhaltas |
| **(c)**<br>**(ii)** | $\frac{210}{3\frac{1}{2}} = $ **60 km/h** | **Scála 10C(0, 3, 7,10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• $\frac{210}{3\frac{1}{2}}$ gan luacháil nó luacháil mhícheart déanta |
| **(d)**<br><br>**+**<br><br>**(e)** | Fad: $210 \times 2 = 420$ km<br><br>$\frac{40}{420} =$ €0·095… $=$ 9·5…cent<br><br>$=$ **10 cent**<br><br>1.30 + 4 + $3\frac{1}{2}$ $=$ **9.00 pm** | **Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Aon obair lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• (e) ceart<br>• Roinnt obair cheart sa dá chuid<br>• Obair mhór lena ngabhann fiúntas in (d)<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• (d) ceart<br>• (e) ceart agus roinnt oibre lena ngabhann fiúntas in (d) |

| C10 | Réitigh Shamplacha 50 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a) (i)** | **1·2 × 2·4** $=$ 2·88 m$^2$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Achar = l x b |
| **(a) (ii)** | Achar: 2·88 × 2 × 2 $=$ 11·52 m$^2$<br>$\frac{11{\cdot}52}{4{\cdot}5} = 2{\cdot}56$ → **3 channa** | **Scála 15D (0, 4, 7, 11, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 2·88 × 2 × 2<br><br>*Páirtchreidiúint Mheánach:*<br>• Stopann sé ag 11·52 m$^2$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• $\frac{11{\cdot}52}{4{\cdot}5}$ gan luacháil nó luacháil mhícheart déanta |
| **(a) (iii)** | 14·5 × 3 $=$ **€43·50** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>Glac le freagra ó (ii)<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• 14·5 × 3 gan luacháil déanta |
| **(a) (iv)** | 1·2 + 2·4 + 1·2 + 2·4 $=$ **7·2 m** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Roinnt suimiú ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 1·2 + 2·4 + 1·2 + 2·4 |

| | | |
|---|---|---|
| **(b) (i)** | **1·77 m** | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint:*<br>• Léiríonn an roinnt faoi 100<br>• Iolraithe (i gceart) faoi 100 |
| **(b) (ii)** | $\frac{73}{(1{\cdot}77)^2} = 23{\cdot}3$<br>$= \mathbf{23}$ | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Figiúr amháin curtha isteach i gceart<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• Cuireadh an dá fhigiúr isteach i gceart ach an ríomh mícheart nó gan a bheith críochnaithe<br>• Figiúirí inbhéartaithe, $\frac{1{\cdot}77}{(73)^2}$ ach tá an ríomh seo críochnaithe i gceart |

<table>
<tr><th>Q<br>11</th><th>Réitigh Shamplacha 50 marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)<br>(i)</td><td>17 + 26 + 18 = 61%</td><td>Scála 10C (0, 3, 7, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>• Aon cheann de na 3 % cheart aitheanta<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>• 3% ceart aitheanta ach níor cuireadh leis<br>• 17 + 26 aitheanta agus suimiú ceart deanta</td></tr>
<tr><td>(a)<br>(ii)<br>+<br>(iii)</td><td>3 + 8 = 11%<br><br>Is ionann an t-airmheán agus 50<br><br>17 + 26 = 43 < 50<br><br>17 + 26 + <u>18</u> = 61 > 50<br><br>Tá an t-airmheán sa 3ú grúpa<br><br>i.e. sa ghrúpa ioncaim 40 – 60 míle</td><td>Scála 10C (0, 3, 7, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i gceachtar cuid<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair mhór lena ngabhann fiúntas sa dá chuid</td></tr>
<tr><td>(b)<br>(i)<br><br><br>(ii)</td><td>360 – (90 + 54 + 72 + 18 + 18)<br><br>360 – 252 = 108°<br><br><br>$\frac{72}{360} \times 100 =$ 20%</td><td>Scála 15C (0, 5, 10, 15)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i gceachtar cuid<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>• Cuid amháin ceart<br>• Obair mhór lena ngabhann fiúntas sa dá chuid</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(c)**<br>**(i)** | $$\frac{42000 \times 20}{100} = 8400$$<br>8400 – 3300 $=$ **€5100** | **Scála 10C (0, 3, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• 8400 agus stoptar<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 8400 – 3300 ní dhearnadh luacháil nó luacháil mhícheart déanta<br>• (42000 – 3300) x 20% = 7740 |
| **(c)**<br>**(ii)** | Asbhaintí: 5100 + 1680 + 1190 =7970<br><br>glanphá: 42000 – 7970 = **€34030** | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Glac le freagra ó (c)(i)<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>• Asbhaint amháin nó 2 cheann as Comhlán<br>• Asbhaintí Iomlána agus luacháil déanta orthu<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>• 42000 – 7970 ní dhearnadh luacháil nó luacháil mhícheart déanta |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 230 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 230 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 172 marc agus faoina bhun sin.
Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 173 - 176 | 8 |
| 177 - 183 | 7 |
| 184 - 190 | 6 |
| 191 - 196 | 5 |
| 197 - 203 | 4 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 204 - 210 | 3 |
| 211 - 216 | 2 |
| 217 - 223 | 1 |
| 224 - 230 | 0 |
| | |